Mollaí Cúl

Irish Independent

eureka

Maidhc Reascóp

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)*

Imleabhar 9, Eagrán 23
1 Bealtaine 2013

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna

Cuir síos an citeal

An bhfuil tú á léamh seo roimh am sosa nó roimh am lóin? Ag am sosa, is dócha go rachaidh do mhúinteoir chuig an seomra foirne chun cupán tae a ól in éineacht leis na múinteoirí eile. In Éirinn, ólann daoine tae ag am bricfeasta, tar éis lóin, um thráthnóna agus tar éis dinnéir. In Éirinn ólann daoine níos mó tae in aghaidh an duine (per person) ná mar a ólann daoine in aon tír eile, beagnach! Nuair a bhuailimid le cairde, is minic a bhíonn cupán tae againn le chéile. Má bhíonn fadhb againn, is mór an chabhair é cupán tae a ól ... nó sin an rud a chreidimid! Cén fáth a bhfuil an oiread sin tóra (popularity) ar chupán tae?

Tá a lán seanscéalta ann a insíonn dúinn conas a thosaigh daoine ag ól tae. Deir seanscéal amháin go raibh impire Síneach ag fiuchadh uisce óil agus gur shéid an ghaoth duilleoga ó thor tae isteach san uisce. D'ól an t-impire an deoch agus lean daoine eile an nós. Fásann toir thae go fiáin i ndeisceart na Síne. Tá teoiric ann gur thosaigh daoine ag triomú na nduilleog agus á maothú (steeping) in uisce te 5000 bliain ó shin. Faoin mbliain 2000 R.C. nó mar sin, bhí daoine ag fás tor tae ar fheirmeacha i ndeisceart na Síne. Faoin 9ú agus 10ú céad, bhí daoine ag ól tae mar dheoch náisiúnta sa tSín.

Bíonn toir thae thart ar 1 mhéadar ar airde sa chaoi gur féidir na duilleoga a phiocadh go héasca. Mura mbearrfadh (prune) na feirmeoirí na toir, d'fhásfadh na toir ina gcrainn a bheadh thart ar 12 mhéadar ar airde. Tá dhá rud ar thor tae: bláth bán agus toradh beag atá cosúil le cnó. Go minic, ní ligeann na feirmeoirí do na torthaí seo fás. Is iad duilleoga an toir féin a úsáidimid mar thae. Tagann an blas ó olaí na nduilleog.

Nuair a thosaigh taistealaithe na hEorpa ag dul chuig an tSín sa 17ú haois, thairg (offered) na Sínigh tae dóibh le hól. Thug na hEorpaigh a lán tae ar ais abhaile leo agus bhí an-tóir air mar dheoch. Ar dtús, ba ón tSín a tháinig an tae uile don Eoraip ach tagann a lán tae inniu ón India, ón gCéinia agus ó Shrí Lanca. Féach san atlas chun na tíortha seo a aimsiú. Níl an aeráid (climate) oiriúnach san Eoraip chun toir thae a fhás.

Deir seanfhocal sa Ghaeilge 'marbh ag tae agus marbh gan é' ach ná bí buartha – lean ort ag léamh faoi thae!



Tae mar chógas leighis

An tseachtain seo caite, léigh tú in Eureka faoi chúrsaí leighis. Ach an raibh a fhios agat gur cheap daoine ar feadh na mblianta fada gur chógas leighis é tae? Beagnach 4700 bliain ó shin sa tSín, cheap daoine gur chabhraigh tae lena gcuid sláinte. Nuair a bhí daoine tinn, dúirt dochtúirí leo deoch tae a ól mar chógas leighis. Mhol siad tae mar leigheas ar easpa (abscess), ar thinneas cinn agus, go háirithe, ar thuirse. D'úsáid siad é freisin chun radharc na súl a fheabhsú.

Gníomhaíocht

Te teolaí

I dtíortha eile, ólann daoine tae oighirthe (iced), ach in Éirinn, is maith linn cupán tae the. Bíonn sé deacair uaireanta an tae a choimeád teolaí sa chupán. Is féidir púic tae (tea cosy) a úsáid chun tae a choimeád te i dtaephota. Feidhmíonn (works) sí mar **inslitheoir** (insulator). Tugaimid inslitheoir mar ainm ar ábhar atá go maith chun bac a chur ar theas ag imeacht go héasca. Tá ábhair áirithe níos fearr ná ábhair eile mar inslitheoirí. Bain triail as an gcéad ghníomhaíocht eile agus faigh amach cé acu ábhair a bheadh go maith mar inslitheoir do thae i gcupán.

Bunábhair:

- 4 theirmiméadar
- Uisce alathe (warm) ón mbuacaire
- 4 chupán phlaisteacha /pholaistiréine
- Scragall cistine (tinfoil)
- Cumhdach bolgóideach
- Páipéar nuachta
- Seilitéip
- Siosúr

AIRE: Bí cúramach leis na teirmiméadair ghloine. Bí cinnte nach rollfaidh siad den bhord agus nach mbrisfidh an t-urlár iad.

Treoracha:

1. Fill scragall thart ar chupán amháin, páipéar nuachta thart ar cheann eile agus cumhdach bolgóideach thart ar an tríú ceann. Fág an ceathrú ceann gan chumhdach.
2. Doirt an méid céanna uisce alathe isteach sna ceithre chupán.
3. **Tuar** cé acu cupán a fhanfaidh te don mhéid is mó ama.
4. **Tomhais** teocht an uisce i ngach cupán gach 5 nóiméad.
5. **Taifead** na torthaí ar thábla cosúil leis an gceann thíos.
6. Bí cinnte go bhfuil an tástáil cothrom. (Leid: an bhfuil an oiread céanna sraitheanna cumhdaigh ar na cupáin uile?)

	Teocht tar éis 5 nóiméad	Teocht tar éis 10 nóiméad	Teocht tar éis 15 nóiméad	Teocht tar éis 20 nóiméad
An cupán nach raibh cumhdach air				
An cupán a raibh scragall air				
An cupán a raibh páipéar nuachta air				
An cupán a raibh cumhdach bolgóideach air				

Pléigh:
Cé acu ábhair a choimeád an tae te don mhéid is mó ama?_____Cé acu ábhair is fearr mar inslitheoir?_____

Freagraí ar an gcrosfhocal

Trasna
5. TUASLAGANN
7. UISCE
8. OIGHIRTHE
10. MARBH
Síos
1. INSLITEOIR
2. DUILLEOGA
3. EASPA
4. INDIA
6. CUMASC
9. TOR

Tae milis

Nuair a thuaslagann tae siúcra, ní imíonn an siúcra ar neamhní (vanish). Cé nach féidir an siúcra a fheiceáil, tá sé fós sa tae. Sin an fáth a bhfuil an tae milis. Tá an ceart ag Mollaí, mar sin.

Cineálacha tae

Tá cineálacha éagsúla tae ann; tae dubh, tae glas agus oolong ina measc. Tagann na duilleoga uile ón sórt planda céanna ach triomaíonn na feirmeoirí iad ar bhealaigh éagsúla. Is **cumasc** (blend) nó meascán de thaenna dubha é formhór an tae a ólaimid in Éirinn. Ní fíorthaenna iad tae luibhe, tae líomóide, tae sinséir, ná tae cuiríní dubha mar shampla, mar nach dtagann siad ó dhuilleoga an toir thae.

Déan dialann deochanna

Líon na gcupán tae a ólann an duine in aghaidh na seachtaine							
Cé mhéad cupán?	An Luan	An Mháirt	An Chéadaoin	An Déardaoin	An Aoine	An Satharn	An Domhnach
Gnáthchumasc tae							
Tae glas							
Tae luibhe							
Caife							

Léigh tú thuas go n-ólann daoine níos mó tae an duine (per person) in Éirinn ná mar a ólann daoine i dtíortha eile. Ólaimid 6 nó 7 gcupán tae an duine. Coimeád **taifead** i ndialann deochanna ar feadh seachtaine go bhfeicfidh tú an méid tae (agus caife) a ólann duine fásta ar a bhfuil aithne agat.

D'fhéadfá úsáid a bhaint as tábla cosúil leis an gceann thuas chun taifead a dhéanamh ar an méid tae a ólann an duine. Cuir uimhir sa bhosca cuí chun líon na gcupán tae a thaispeáint – tá boscaí ar leith ann do na taenna éagsúla. D'fhéadfá taifead a dhéanamh ar na cupáin chaife a ólann an duine freisin. Nuair a bheidh an tábla líonta agat, pléigh na torthaí le do mhúinteoir.

Pléigh:
An mar a chéile do chuid torthaí agus torthaí do chairde?
An gceapann tú go n-ólann muintir na hÉireann a lán tae?
An gceapann tú gur fearr leo caife?

Gníomhaíocht

An oireann dath an chabáiste dom?

Is maith linn dathanna deasa geala a chaitheamh – cuireann siad lá deas samhraidh i gcuimhne dúinn! Déanann daoine **ruaimeanna** (dyes) i monarchana móra – is ruaimeanna **saorga** (artificial) iad. Ach sula raibh ruaimeanna saorga againn, rinne daoine ruaimeanna as plandaí agus d'úsáid siad na ruaimeanna sin chun dath a chur ina gcuid éadaí. Bain triail as ruaim a dhéanamh duit féin.

AIRE: Iarr ar mhúinteoir nó ar dhuine fásta eile an t-uisce a fhiuchadh duit agus é a dhoirteadh isteach duit freisin. Caith naprún!

Bunábhair:

- Píosa éadaigh bháin m.sh. seanchiarsúr nó píosa de sheanbhráillín
- Craicne (skins) ó oinniúin dhonna/dhearga nó duilleoga spionaíste nó duilleoga cabáiste dheirg (Más oinniúin a úsáideann tú, fiuch craicne dhá oinniún in 300 ml uisce. Más spionáiste a úsáideann tú, fiuch 250 g (mála) spionáiste in 500 ml uisce.)
- Uisce (thart ar 400ml in aghaidh an datha)
- Sáspan agus áit éigin inar féidir leat an t-uisce a fhiuchadh
- Babhla
- Scagaire (filter) m.sh. scagaire caife

Treoracha:

1. Gearr na duilleoga nó na craicne go mion.
2. Fiuch míonphíosaí chraicne donna na n-oinniún in uisce i sáspan. Iarr ar dhuine fásta é seo a dhéanamh duit.
3. Suanbhruith (simmer) é ar feadh 15 nóiméad nó mar sin. Fág é go mbeidh sé fionnuar.
4. Doirt an leacht ón sáspan trí sgagaire (m. sh. criathar) isteach i mbabhla.
5. Cuir an t-éadach isteach sa leacht daite agus fág ann é ar feadh cúpla uair an chloig.
6. Cén dath a chuir craicne donna na n-oinniún ar an éadach?
7. Déan an rud céanna le píosaí na bplandaí eile.

Dúshlán breise:
Tar éis bheith ag obair le spionáiste, cabáiste dearg agus oinniúin, tá a fhios agat go gcuireann plandaí dath ar éadach. Tagann tae ó dhuilleoga planda.

Déan machnamh ar a bhfaca tú sa ghníomhaíocht dheiridh – an gceapann tú anois go gcuirfidh tae dath ar éadach freisin? B'fhéidir go ndéanfadh do mhúinteoir an ghníomhaíocht seo duit mar bheadh a lán málaí tae ag teastáil uaibh dá ndéanfadh gach duine sa rang í!

Treoracha:

1. Líon sáspam le lítear amháin uisce. Cuir 10 mála tae san uisce. Fiuch an t-uisce agus na málaí - bí cinnte go ndéanfaidh duine fásta an chuid seo den ghníomhaíocht.
2. Fiuch iad ar feadh 15 nóiméad nó mar sin. Corraigh an t-uisce an t-am go léir. Fáisc na málaí le spúnóg – brúfaidh sé seo an ruaim amach as na málaí.
3. Ardaigh na málaí as an uisce. Doirt an leacht isteach i mbabhla agus lig dó fuarú.
4. Cén dath a chuirfidh an tae ar éadach bán? **Tuar.**
5. Cuir an t-éadach isteach sa leacht daite (mar a rinne tú sa ghníomhaíocht eile) agus fág ann é ar feadh cúpla uair an chloig.
6. An raibh an ceart agat?

Smaoinigh air seo:
An bhféadfá tae a úsáid chun cuma sheanda (ancient) a chur ar pháipéar?
Dear imscrúdú chun fáil amach. Conas a thriomófá an páipéar?

Tae milis

Tá Maidhc agus Mollaí ag ól tae le chéile. Chuir Maidhc siúcra ina chuid tae. Nuair a chorraigh sé an tae, **thuaslaig** (dissolved) an tae an siúcra agus ní raibh Maidhc in ann an siúcra a fheiceáil. Deir sé go mbeidh meáchan an tae mhilis níos lú ná meáchan an tae agus meáchan an tsiúcra le chéile má mheánn sé iad. Deir Mollaí go mbeidh meáchan an tae mhilis cothrom le meáchan an tae agus meáchan an tsiúcra le chéile. Cad í do thuairim féin? Cé leis a n-aontaíonn tú?

_____

_____

_____

Fíricí Fónta

- Ólann daoine thart ar 3 bhilliún cupán tae in aghaidh an lae ar fud an domhain. Ach is mó a ólann duine uisce ná tae ar domhan.
- Cúpla bliain ó shin, rinne Seodóirí Boodles mála tae diamant chun 75ú lá breithe PG Tips a cheiliúradh. Tá luach €9,000 air. Tá 280 diamant ann agus úsáideann siad é chun airgead a thiomsú (fundraise) do charthanacht pháistí i Manchain Shasana.
- Cad é an tae is daoire ar domhan? Tae Síneach tearc (rare) darbh ainm Tieguanyin. Cosnaíonn sé thart ar €2,700 an cileagram. Ach is féidir an tae seo a ghrúdú (brew) suas le seacht n-uaire sula gcaillfidh sé a bhlas. Cosnaíonn cileagram den ghnáth-thae thart ar €8 nó €9.
- Is planda **síorghlas** é an tor tae agus tairgeann (produces) sé tae go ceann 50 bliain.
- Tá 4.24 milliún duine in **Éirinn** agus ólann 3 mhilliún díobh **tae.**

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ionad Oideachas Eolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin
Eagarthóireacht: Pól Ó Cainín
Taighde & Téacs: Paula Kilfeather, Clíona Murphy, Fiachra Ó Brolcháin & Janet Varley
Dearadh: INM Studio
Scríobh chuig: Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid, BÁC 1
Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó
Cuir ríomhphost chuig:
eureka@ independent.ie
www.independent.ie/eureka

Crosfhocal



Trasna

5. _____ tae siúcra. (10)
7. An leacht is coitianta mar dheoch ar fud an domhain. (5)
8. I dtíortha eile, ólann daoine tae _____ . (9)
10. '___ ag tae agus ___ gan é!' (5)

Síos

1. Feidhmíonn púic tae mar _____.(10)
2. Is iad _____ an toir féin a úsáidimid mar thae. (9)
3. Mhol dochtúirí na Síne tae mar leigheas ar _____ . (5)
4. Tagann tae ón tSín, ón gCéinia, ó Shrí Lanca agus ón _____.(5)
6. Is _____ de thaenna dubha é formhór an tae a ólaimid in Éirinn. (6)
9. Bíonn ___ tae thart ar aon mhéadar ar airde. (3)